AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0063/2016

**Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí na nIar-Bhunscoileanna agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

## Maidir le: Nós imeachta athbhreithnithe le haghaidh Thuairisceáin Dheireadh Fómhair maidir le mic léinn Iar-Ardteistiméireachta a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain 2016/17 agus do bhlianta ina dhiaidh sin.

### 1. Cuspóir

Is é cuspóir an chiorcláin seo fógra a thabhairt d'iar-bhunscoileanna faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe is gá do scoileanna a leanúint agus sonraí faoi mhic léinn Iar-Ardteistiméireachta á gcur acu chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna mar chuid den tuairisceán bliantúil ar a dtugtar Tuairisceán Dheireadh Fómhair.

Is é an cuspóir atá leis an athrú sin ná laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhíonn ar scoileanna maidir le sonraí faoi mhic léinn Iar-Ardteistiméireachta a thaifeadadh. Mar gheall ar an bhfeidhmiúlacht a cuireadh leis an gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoirí (CTCF) le déanaí – rud lena gcumasaítear d'iar-bhunscoileanna foghlaimeoirí a thaifeadadh ar an gcóras – tá scoileanna a thairgeann cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta in ann sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta a lódáil ina mbaisceanna óna gcóra(i)s scoile féin go díreach i CTCF anois.

Déantar leis an gciorclán seo Ciorclán 38/2014 – *Socruithe maidir le tuairisceáin ó iar-bhunscoileanna chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain 2014/15 agus do bhlianta ina dhiaidh sin* a leasú sa mhéid gur bhain ciorclán 38/2014 leis an modh chun sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta a chur isteach. I gcás na bhforálacha eile maidir le tuairisceáin dá bhforáiltear le ciorclán 38/2014, tá feidhm acu go fóill.

**Tabhair faoi deara nach bhfuil aon athrú ann ar an dóigh a n-úsáidtear an líon mac léinn Iar-Ardteistiméireachta agus an líon daltaí aitheanta eile atá rollaithe i scoil chun leithdháileadh foirne agus cistiúcháin na scoile a chinneadh.**

### 2. Nósanna imeachta athbhreithnithe le haghaidh Thuairisceáin Dheireadh Fómhair maidir le mic léinn Iar-Ardteistiméireachta

Tabhair faoi deara go gceanglaítear ar scoileanna, ón mbliain 2016/17 i leith, Tuairisceán Dheireadh Fómhair ar leith a chur faoi bhráid na Roinne gach bliain maidir leis na mic léinn Iar-Ardteistiméireachta atá rollaithe ina scoil amhail an 30 Meán Fómhair.

Ón mbliain 2016/17 i leith, tabharfar Tuairisceán Dheireadh Fómhair maidir le Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta ar an tuairisceán sin. Ginfidh na scoileanna an tuairisceán ón gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoirí (CTCF) arna soláthar ag an bhfoireann CTCF, atá comhdhéanta d'ionadaithe ón tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) agus ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI).

## 3. Scor den Bhunachar Sonraí ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (P-POD) a úsáid le haghaidh mic léinn Iar-Ardteistiméireachta

**Don bhliain 2016/17, ceanglaítear ar scoileanna gach mac léinn Iar-Ardteistiméireachta atá rollaithe ina scoil amhail an 30 Meán Fómhair a thaifeadadh ar an gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoirí (CTCF).**

Ón mbliain 2016/17 i leith, ní cheanglóidh an Roinn ar scoileanna a thuilleadh sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta a thaifeadadh ar an gcóras P-POD.

Tugadh an t-athrú sin isteach chun an t-ualach riaracháin a bhíonn ar scoileanna a íoslaghdú. Ní cheanglaítear orthu anois sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta a thaifeadadh ach ar cheann amháin de na bunachair shonraí náisiúnta mac léinn atá in úsáid san earnáil iar-bhunoideachais.

Maidir le taifid mhac léinn Iar-Ardteistiméireachta don bhliain 2015/16 agus do bhlianta níos luaithe ná sin, beidh siad ar fáil ar P-POD go fóill ar aon dul leis an mbeartas coinneála atá i bhfeidhm don bhunachar sonraí.

## 4. An Córas Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoirí (CTCF) a úsáid chun mic léinn Iar-Ardteistiméireachta a thaifeadadh

Maidir le gach iar-bhunscoil aitheanta a bhfuil cead acu cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a sholáthar sa bhliain 2016/17 i leith, chuir an fhoireann CTCF in iúl don Roinn go gcumasóidh sí do na scoileanna sin mic léinn a thaifeadadh ar CTCF. Ceanglófar ar gach scoil a thairgeann cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta sonraí faoin líon mac léinn atá rollaithe a thaifeadadh ar CTCF don bhliain 2016/17 i leith.

Tuigeann an Roinn go soláthróidh an fhoireann CTCF oiliúint do scoileanna i CTCF a úsáid chun mic léinn a thaifeadadh. Reáchtálfaidh an fhoireann CTCF ceardlann ar leith do scoileanna maidir le Tuairisceáin Dheireadh Fómhair a chur isteach trí CTCF. Ba cheart aon cheisteanna maidir le CTCF a úsáid a chur ar Chomhordaitheoir ETBI/CTCF.

## 5. Tuairisceáin Dheireadh Fómhair a Ghiniúint

Ceanglófar ar scoileanna Tuairisceáin Dheireadh Fómhair maidir le mic léinn Iar-Ardteistiméireachta a ghiniúint ó CTCF an 7 Deireadh Fómhair gach bliain (nó ar an gcéad lá scoile tar éis an 7 Deireadh Fómhair sa chás gur ar an Satharn nó ar an Domhnach a thiteann an 7ú lá).

Maidir le faisnéis shonrach faoi shaoráid Thuairisceáin Dheireadh Fómhair laistigh de CTCF a úsáid, is féidir í a fháil i gcóras CTCF.

Ceanglaítear ar scoileanna an Deimhniú Bainistíochta Iar-Ardteistiméireachta a phriontáil amach agus a shíniú. Sa chás go bhfuil an scoil faoi cheannas ag Bord Oideachais agus Oiliúna, ní mór an Deimhniú Bainistíochta sínithe a chur ar aghaidh chuig Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na scoile lena chomhshíniú. Ba cheart an chóip shínithe den Deimhniú a sheoladh chuig *An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Rannóg Tuismitheoirí, Foghlaimeoirí agus Bunachar Sonraí, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.*

Sa chás go dtairgeann an scoil cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus cúrsaí nach cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta iad, amhail an tSraith Shóisearach nó an Ardteistiméireacht, ceanglófar ar an scoil dhá Dheimhniú Bainistíochta ar leith a chur isteach. Ba cheart deimhniú amháin a ghiniúint ó P-POD le haghaidh daltaí Sraithe Sóisearaí, Idirbhliana agus Ardteistiméireachta, mar a tharlaíonn faoi láthair, agus ba cheart deimhniú ar leith a ghiniúint ó CTCF le haghaidh mic léinn Iar-Ardteistiméireachta amháin ón mbliain 2016/17 i leith.

Tá faisnéis ghinearálta maidir le Tuairisceáin Dheireadh Fómhair ar fáil ag www.education.ie. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an bpróiseas um Thuairisceáin Dheireadh Fómhair (i gcás daltaí Ardteistiméireachta agus mic léinn Iar-Ardteistiméireachta araon) a sheoladh chuig p-podhelpdesk@education.gov.ie.

## 6. Cruinneas na dTuairisceán

Tabhair faoi deara gur chun leithdháiltí foirne agus deontas a ríomh do do scoil a úsáidfear an líon iomlán mac léinn aitheanta Iar-Ardteistiméireachta arna chur isteach i dTuairisceán Dheireadh Fómhair agus an fhaisnéis atá sa tuairisceán ar leith maidir le daltaí nach bhfuil ag gabháil do chúrsa Iar-Ardteistiméireachta. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcinnteoidh tú gur cruinn atá an líon iomlán daltaí/mac léinn aitheanta a thugtar.

Má dhéantar an líon mac léinn a rólua d'aon ghnó chun críocha acmhainní breise a éileamh ón Roinn, beidh oibleagáid ar an Roinn an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi sin. I gcásanna den sórt sin, is faoin nGarda Síochána a bheidh sé a chinneadh cén gníomh, más ann dó, ba cheart a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh ionchúiseamh coiriúil i gceist. Cuirfear socruithe aisghabhála i bhfeidhm freisin i leith aon ró-íocaíochtaí a rinneadh (i bhfoirm deontas nó ró-íocaíochtaí leis an bhfoireann).

## 7. Cosaint Sonraí

Tabhair faoi deara go bhfuil ráiteas cosanta sonraí ann ina bpléitear leis an dóigh a ndéanfaidh an Roinn sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta a úsáid agus a bhainistiú. Tá an ráiteas sin ar fáil i bhformáid achomair ag an seoladh seo a leanas:

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Returns/October-Returns/.

Iarrtar ar scoileanna aird gach mic léinn Iar-Ardteistiméireachta atá ag rollú ina scoil a tharraingt ar an ráiteas cosanta sonraí sin.

Maidir le faisnéis faoin dóigh a ndéanfaidh scoileanna sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta a úsáid agus a bhainistiú, ba cheart í a bheith ar fáil go díreach ón scoil.

Maidir le faisnéis faoin dóigh a ndéanfar sonraí mac léinn Iar-Ardteistiméireachta atá á gcoinneáil ar CTCF a úsáid agus a bhainistiú, tá sí ar fáil ón duine idirchaidrimh CTCF don scoil.

TOM DEEGAN

PRÍOMHOIFIGEACH

RANNÓG NA SCOILEANNA

MEÁN FÓMHAIR 2016